

## Ábhar

## Ríomhlitríocht

### Téacs Léitheoireachta

### ‘An Ríomhlitríocht’

**Diarmaid Mac Mathúna**

**[www.beo.ie](http://www.beo.ie)**

**(Le caoinhead ó [www.beo.ie](http://www.beo.ie)).**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



# An Ríomhlitríocht

## Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt a bhí ar [www.beo.ie](http://www.beo.ie) faoin ríomhlitríocht – is é sin léitheoireacht ag baint úsáide as gléas teicneolaíochta.

### Plé

Sula léann tú an píosa pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

- An léifeá leabhar ar ríomhaire nó arbh fhearr leat cóip chrua a bheith agat?
- An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi ghléasanna mar *Sony Reader* agus léitheoireacht ríomhleabhar ar an *iPhone*?
- Cén cineál léitheoireachta a dhéanann tú?
- Conas a roghnaíonn tú leabhair le léamh? Moladh ó chara? Léirmheas?
- Cad atá i gceist le scíthléitheoireacht?

### Tascanna

Cén rud é ‘leabhar maith’? Pléigh le duine eile agus scríobhaigí alt gearr a chuirfeadh síos ar cad atá i gceist le ‘leabhar maith’.

Obair ghrúpa: Déanaigí ransú intinne ar na focail ar fad atá ar eolas agaibh faoin topaic ‘léitheoireacht’. Smaoinígí ar na nithe seo agus sibh ag obair (i) aidiachtaí chun cur síos ar leabhar; (ii) cineálacha éagsúla leabhar; (iii) cineálacha éagsúla scéalta.

## Léitheoireacht

Anois léigh an téacs agus cuir an leagan ceart de na focail seo isteach sna bearnaí. Ansin pléigh na bearnaí le duine eile.

- |                    |                  |
|--------------------|------------------|
| 1. bun             | 9. ar            |
| 2. léitheoireacht  | 10. breise       |
| 3. an mhíthuiscint | 11. fírinne      |
| 4. ceist           | 12. gnáthleabhar |
| 5. cosúil          | 13. mór          |
| 6. clúdach         | 14. chur         |
| 7. airgead         | 15. ualach       |
| 8. gléas           |                  |

## Feasacht Teanga

(a) ‘...tá an cheist á cur...’

Féach ar an struchtúr thuas. Pléigh an ghramadach atá ann leis an duine in aice leat agus ansin bainigí triail as na cinn thíos.

1. tá an t-óstán á (oscailt)
2. tá an aiste á (ceartú)
3. tá na tionscadail á (ceartú)
4. tá an ceacht á (marcáil)
5. tá an seomra á (glanadh)
6. tá an chaint á (ullmhú)
7. tá an cur i láthair á (ullmhú)
8. tá na mic léinn á (cur) i ngrúpaí
9. tá an áit á (oscailt)
10. tá na mic léinn á (moladh)

(b) Féach ar an sliocht thíos as an alt. Pléigh na haimsirí éagsúla den bhriathar atá le fáil ann. Cad é an difear idir an dá struchtúr ‘bíonn sé cruu’ agus ‘tá sé cruu’? Conas a mhíneofa an difear idir ‘tá’ agus ‘bí’ do dhuine a bheadh ag foghlaim na Gaeilge? Cén Béarla a bheadh agat ar an abairt seo a dúirt páiste scoile: ‘táim go maith agus bím go maith’? An bhfuil an struchtúr *I do be* i mBéarla do cheantair féin? Cén ceangal atá ag an struchtúr seo leis an nGaeilge?

An léifeá leabhar ar líne? Níor cheap mé féin go ndéanfainn a leithéid riamh. Ar eagla na míthuisceana, is breá liom ríomhairí, ach cheap mé go mbeadh sé amaideach leabhar a léamh ar ríomhaire. Caithim am go leor os comhair ríomhaire san oifig – agus bíonn sé sin cruu go leor ar na súile gan a bheith ag dul sa tóir ar ‘ríomhleabhair’ (nó *ebooks*) mar a thugtar orthu.

## Iarobair

### Plé

- Is fearr i bhfad an leabhar féin a léamh seachas úsáid a bhaint as ríomhléitheoir.
- Níl mórán suime ag daoine óga sa léitheoireacht.
- Tá caighdeán na léitheoireachta ag titim – is beag duine a bhfuil eolas aige ar na clasaicí a thuilleadh.
- Ní féidir litríocht a ghlaoch ar na cineálacha leabhar a scríobhann Cecilia Ahern agus Marion Keyes.
- Is fearr i bhfad leabhar a bhfuil scannán bunaithe air a léamh sula bhfeiceann tú an scannán.
- Ní fiú a bheith ag déanamh céime sa Ghaeilge mura léann tú leabhair i nGaeilge.

### Tascanna

- Cuir na cineálacha seo leabhar in ord de réir na suime atá agat iontu agus cuir do chuid torthaí i gcomparáid le torthaí do pháirtí:

scéalta bleachtairéachta, dírbheathaisnéisí, scéalta eachtraíochta, scéalta taistil, neamhfhicsean, aistriúcháin, scéalta coiriúlachta, scéalta uafáis.

- Déan an rangú céanna anois ar chineálacha éagsúla scannán. Cad iad na cineálacha scannán a thaitníonn leat?
- Tá tú féin agus do ghrúpa ar choiste mac léinn a bhfuil sé mar aidhm aige na seirbhísí a chuireann an leabharlann ar fáil do mhic léinn a fheabhsú. Cuirigí plean/moltaí le chéile.
- Bí ag obair le duine eile. Tá sibh ag obair mar oifigigh mhargaíochta do *Sony* agus tá sibh ag iarraidh an *Sony Reader* a dhíol. Tá coinne agaibh le hionadaithe ón leabharlann sa Choláiste. Ar dtús déanaigí amach pointí a bheadh oiriúnach le cur ar bhróisiúr margaíochta don *Sony Reader* agus ansin déanaigí amach pointí plé don chruinniú.

## Téacs

Seo chugainn an ‘ríomhlitríocht’ agus chuaigh Diarmaid Mac Mathúna ina \_\_\_\_\_1\_\_\_\_\_ cheana féin. Nochtann Diarmaid a thuairim féin linn san alt thíos ar áiseanna \_\_\_\_\_2\_\_\_\_\_ atá ar an margadh ag dhá chomhlacht cheana féin, mar atá, an *Sony Reader* agus an *iPhone*.

An léifeá leabhar ar líne? Níor cheap mé féin go ndéanfainn a leithéid riamh. Ar eagla \_\_\_\_\_3\_\_\_\_\_, is breá liom ríomhairí, ach cheap mé go mbeadh sé amaideach leabhar a léamh ar ríomhaire. Caithim am go leor os comhair ríomhaire san oifig – agus bíonn sé sin crua go leor ar na súile gan a bheith ag dul sa tóir ar ‘ríomhleabhair’ (nó *ebooks*) mar a thugtar orthu.

Tá mo dhearcadh ar an \_\_\_\_\_4\_\_\_\_\_ athraithe ar fad anois. Bhí seans agam triail a bhaint as *Sony Reader* (<http://www.learningcenter.sony.us/assets/itpd/reader/>) an lá cheana agus is álainn an píosa teicneolaíochta é. Tá sé breá bog ar na súile agus tá an scáileán i bhfad níos \_\_\_\_\_5\_\_\_\_\_ le gnáthleathanach páipéir ná scáileán geal an ríomhaire. Leis an \_\_\_\_\_6\_\_\_\_\_ deas leathair agus dath \_\_\_\_\_7\_\_\_\_\_ air, tá cuma iontach ar an \_\_\_\_\_8\_\_\_\_\_ freisin. Tá sé an-éasca a úsáid – ní gá ach cnaipe amháin a bhrú chun na leathanaigh a chasadh sna ríomhleabhair atá \_\_\_\_\_9\_\_\_\_\_ cheana féin.

Ar ndóigh, níl *Apple* rófhada taobh thiar de *Sony* agus is féidir an *iPhone* a úsáid chun ríomhleabhair a léamh freisin. Is áis \_\_\_\_\_10\_\_\_\_\_ í seo atá curtha ar fáil trí ‘Stanza’. Is ‘App’ nó clár ríomhaireachta beag an ‘Stanza’ agus tá sé saor in aisce. Tá an téacs breá soiléir i leabhair a léitear ar an *iPhone* freisin – ach chun an \_\_\_\_\_11\_\_\_\_\_ a rá, tá sé beagáinín beag dian ar na súile mórán a léamh ar an *iPhone* toisc go bhfuil an scáileán chomh geal sin.

Agus má tá leabhar atá as cóipcheart á lorg agat, is féidir é a íoslódáil saor in aisce ó shuíomh ar nós *Feedbooks* (<http://feedbooks.com/>) nó *Project Gutenberg* ([http://www.gutenberg.org/wiki/Main\\_Page](http://www.gutenberg.org/wiki/Main_Page)). Má tá ríomhleabhair níos nua uait is féidir leat iad a cheannach ar líne freisin – ach cosnaíonn siad timpeall an méid céanna leis an \_\_\_\_\_12\_\_\_\_\_ féin.

Cé go bhfuil na gléasanna seo an-éasca a úsáid nuair a bhíonn leabhar faoi leith á léamh agat, tá laige \_\_\_\_\_13\_\_\_\_\_ amháin iontu: níl sé éasca leabhair nua a chur ar na gléasanna seo. Bhuel, is féidir é a dhéanamh, má tá taithe agat ar íoslódáil ar an idirlíon agus ar ghléasanna USB a cheangal le do ríomhaire. Ach tá a lán daoine ar mhian leo léitheoir ríomhleabhair a bheith acu, ach nach bhfuil taithe ar PCs go ginearálta acu – agus ar shlí, is margadh é sin atá á chailleadh ag *Sony* faoi láthair.

Ceist eile atá á \_\_\_\_\_14\_\_\_\_\_ ag daoine, cad atá cearr le gnáthleabhair? Fiú agus daoine ag taisteal go rialta, is beag an \_\_\_\_\_15\_\_\_\_\_ é leabhar le léamh ar an turas. Ach má leanann leithéidí *Ryanair* ar aghaidh ag gearradh siar ar bhagáiste, b'fhéidir amach anseo go mbeidh cosc iomlán á chur ar bhagáiste láimhe agus go mbeimid ag tabhairt leabharlann linn i bhfoirm leictreonach chun ár leabhair a choinneáil faoi cheilt!

## Buntéacs

Seo chugainn an ‘ríomhlitríocht’ agus chuaigh Diarmaid Mac Mathúna ina bun cheana féin. Nochtann Diarmaid a thuairim féin linn san alt thíos ar áiseanna léitheoireachta atá ar an margadh ag dhá chomhlacht cheana féin, mar atá, an *Sony Reader* agus an *iPhone*.

An léifeá leabhar ar líne? Níor cheap mé féin go ndéanfainn a leithéid riamh. Ar eagla na míthuisceana, is breá liom ríomhairí, ach cheap mé go mbeadh sé amaideach leabhar a léamh ar ríomhaire. Caithim am go leor os comhair ríomhaire san oifig – agus bíonn sé sin crua go leor ar na súile gan a bheith ag dul sa tóir ar ‘ríomhleabhair’ (nó *ebooks*) mar a thugtar orthu.

Tá mo dhearcadh ar an gceist athraithe ar fad anois. Bhí seans agam triail a bhaint as *Sony Reader* (<http://www.learningcenter.sony.us/assets/itpd/reader/>) an lá cheana agus is álainn an píosa teicneolaíochta é. Tá sé breá bog ar na súile agus tá an scáileán i bhfad níos cosúla le gnáthleathanach páipéir ná scáileán geal an ríomhaire. Leis an gclúdach deas leathair agus dath airgid air, tá cuma iontach ar an ngléas freisin. Tá sé an-éasca a úsáid - ní gá ach cnaipe amháin a bhrú chun na leathanaigh a chasadh sna ríomhleabhair atá air cheana féin.

Ar ndóigh, níl *Apple* rófhada taobh thiar de *Sony* agus is féidir an *iPhone* a úsáid chun ríomhleabhair a léamh freisin. Is áis bhreise í seo atá curtha ar fáil trí ‘Stanza’. Is ‘App’ nó clár ríomhaireachta beag an ‘Stanza’ agus tá sé saor in aisce. Tá an téacs breá soiléir i leabhair a léitear ar an *iPhone* freisin – ach chun an fhírinne a rá, tá sé beagáinín beag dian ar na súile mórán a léamh ar an *iPhone* toisc go bhfuil an scáileán chomh geal sin.

Agus má tá leabhar atá as cóipcheart á lorg agat, is féidir é a íoslódáil saor in aisce ó shuíomh ar nós *Feedbooks* (<http://feedbooks.com/>) nó *Project Gutenberg* ([http://www.gutenberg.org/wiki/Main\\_Page](http://www.gutenberg.org/wiki/Main_Page)). Má tá ríomhleabhair níos nua uait is féidir leat iad a cheannach ar líne freisin – ach cosnaíonn siad timpeall an méid céanna leis an ngnáthleabhar féin.

Cé go bhfuil na gléasanna seo an-éasca a úsáid nuair a bhíonn leabhar faoi leith á léamh agat, tá laige mhór amháin iontu: níl sé éasca leabhair nua a chur ar na gléasanna seo. Bhuel, is féidir é a dhéanamh, má tá taithí agat ar íoslódáil ar an idirlíon agus ar ghléasanna USB a cheangail le do ríomhaire. Ach tá a lán daoine ar mhian leo léitheoir ríomhleabhair a bheith acu, ach nach bhfuil taithí ar PCs go ginearálta acu – agus ar shlí, is margadh é sin atá á chailleadh ag *Sony* faoi láthair.

Ceist eile atá á cur ag daoine, cad atá cearr le gnáthleabhair? Fiú agus daoine ag taisteal go rialta, is beag an t-ualach é leabhar le léamh ar an turas. Ach má leanann leithéidí *Ryanair* ar aghaidh ag gearradh siar ar bhagáiste, b'fhéidir amach anseo go mbeidh cosc iomlán á chur ar bhagáiste láimhe agus go mbeimid ag tabhairt leabharlann linn i bhfoirm leictreonach chun ár leabhair a choinneáil faoi cheilt!